Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Samhain 2023
(OR. en)

13719/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0319 (NLE)**

UK 193
RECH 431
ESPACE 67
BUDGET 30

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Prótacail I agus II a ghlacadh agus leis an leasú ar Iarscríbhinn 47 a ghabhann leis |

**CINNEADH (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Prótacail I agus II a ghlacadh agus leis an leasú ar Iarscríbhinn 47 a ghabhann leis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3), Airteagal 182(1) agus (4), Airteagal 183, Airteagal 188, an dara mír, agus Airteagal 189(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú'), tugadh i gcrích é trí bhithín Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

(2) De bhun Airteagal 710(2) agus Airteagal 731(3) den Chomhaontú, tá an Coiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais a bunaíodh le hAirteagal 8(1), pointe (s), den Chomhaontú ('an Coiste Speisialaithe') chun Prótacal I maidir le Cláir agus gníomhaíochtaí ina nglacann an Ríocht Aontaithe páirt, agus Prótacal II maidir le rochtain na Ríochta Aontaithe ar sheirbhísí arna mbunú faoi chláir agus gníomhaíochtaí áirithe de chuid an Aontais nach nglacann an Ríocht Aontaithe páirt iontu ('Prótacail I agus II') a ghlacadh.

(3) De bhun Airteagal 714(11) den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste Speisialaithe Iarscríbhinn 47 'Na Coinníollacha Airgeadais a Chur Chun Feidhme' ('Iarscríbhinn 47') a leasú.

---

[1] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

[2] Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

(4) Is dlúthchuid den Chomhaontú iad Prótacail I agus II agus Iarscríbhinn 47.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe a bhunú, a mhéid a bhaineann le glacadh Phrótacail I agus II agus leis an leasú ar Iarscríbhinn 47,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, leagtar amach é sa dréachtchinneadh ón gCoiste Speisialaithe atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*